Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil



# GLANTÓIRÍ TIRIME?

Cad is gá a bheith ar eolas agat chun a bheith comhlíontach*

## CAITHFIDH TEASTAS BAILÍ COMHLÍONADH A BHEITH AGAT

Chun feidhmiú go dleathach, ní mór duit teastas bailí comhlíonta a bheith agat ó d'údaráis áitiúil. Chun an teastas seo a fháil, ní mór duit cigireacht a shocrú le Measúnóir Ceadaithe chun comhlíonadh leis na Rialacháin a fhíorú. Is féidir le teastas comhlíonta maireachtáil suas le 3 bliana. Ní mór duit do theastas a thaispeáint go soiléir ar an láthair. D'fhéadfadh eisiúint fhógra íocaíochta seasta a bheith mar thoradh ar neamhfháil nó neamh-athnuachan teastais comhlíonta.




## CAITHFIDH PLEAN BAINISTÍOCHTA TUASLÁN A BHEITH AGAT AGUS CAITHFIDH TÚ COMHLÍONADH LEIS AN LUACH TEORANN ASTAÍOCHTA DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ GLANTÓIREACHTA TIRIME



Ní mór duit taifid a choinneáil ar na tuaslagóirí a úsáideadh agus an dramhaíl a baineadh. Caithfidh na taifid seo do stoc tosaigh agus deiridh de thuaslagóir neamhúsáidte (úr), tuaslagóir dramhaíola, agus tuaslagóir i dtancanna an mheaisín a áireamh. Ní mór duit meáchan na n-ualach go léir a ghlanadh tirim agus na méideanna tuaslagóra a cuireadh leis an meaisín glantacháin tirime a thaifeadadh. Ní mór duit a bheith in ann comhlíonadh leis an Luach Teorann Astaíochta de 20g tuaslagóra in aghaidh gach cileagraim de tháirge glanta agus triomaithe a léiriú. Déanfar é seo a ríomh ó do thaifid.

## CAITHFIDH TÚ DO MHEAISÍN GLANTÓIREACHT A TIRIME A CHOTHABHÁIL I MBEALACH CUÍ

Ní mór meaisíní glantacháin tirime a sheiceáil le haghaidh sceitheanna agus a chothabháil go rialta chun a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú i gceart. Ní mór lámhleabhar oibriúcháin an mhonaróra a choinneáil ar an láthair.



## CAITHFIDH TÚ TAIFID A CHOTHABHÁIL



Ní mór duit taifid a choinneáil ar:

- Stoc tosaigh agus deiridh de thuaslagóir úr, dramhaíl tuaslagóra, agus leibhéil i dtanc an mheaisín
- Torthaí anailíse sa tsaotharlann ar dhramhaíl leachtach tuaslagóra agus uisce ón deighilteoir
- Meáchan gach ualach a glanadh tirim
- Teastas Aisghabhála do gach dramhaíl ina bhfuil tuaslagóir a baineadh (lena náirítear uisce ón deighilteoir uisce)
- Aon tuaslagóir úr a cuireadh leis an meaisín
- Taifid cothabhála
- Taifid oiliúna foirne

*Leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí a Bhaineann Úsáid as Tuaslagóirí Orgánacha) 2012 – I.R. Uimh. 565/2012, na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann úsáid as tuaslagóirí. Tá Treoirlínte um Chleachtas is Fearr don Ghlantóireacht Thirim foilsithe ag an EPA, agus is féidir iad a fháil ar na suíomhanna gréasáin thíos.

Chun eolas iomlán ar do chuid riachtanas a fháil, logáil isteach ar:
www.solvents.ie nó https://www.dnv.com/energy/services/biodiversity-andenvironment/audits-and-inspections/

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil



# GLANTÓIRÍ TIRIME?

Cad is gá a bheith ar eolas agat chun a bheith comhlíontach*

## CAITHFIDH TÚ DRAMHAÍOL INA BHFUIL TUASLAGÓIR A STÓRÁIL I MBEALACH CUÍ




Is dramhaíl chontúirteach í dramhaíl ina bhfuil tuaslagóir agus cuireann sí bagairt ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Ní mór dramhaíl leachtach tuaslagóra a stóráil i gcoimeádáin oiriúnacha atá séalaithe agus lipéadaithe, ar thráidire doirteadh nó i mbund. Ní mór dramhaíl sholadach ina bhfuil tuaslagóir a stóráil i gcoimeádán dúnta agus lipéadaithe (áirítear leis seo scagairí caite, dramhaíl ón gaiste cnaipe, agus dramhaíl ó scagaire lint).



## NÍ MÓR DRAMHAÍOL TUASLAGÓRA A BHAILIÚ ÓN LÁITHREÁN AG BAILITHEOIR DRAMHAÍOLA ÚDARTHA

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil ceadúnas bailithe dramhaíola chontúirtí bailí ag an mbailitheoir dramhaíola. Ba chóir duit cóip den cheadúnas seo a fháil (is féidir é seo a fháil ar www.nwcpo.ie) agus cóip de cheadúnas an EPA don áis ina mbeidh an dramhaíl á tabhairt (is féidir é seo a fháil trí chóip a iarraidh ar an mbailitheoir dramhaíola).

## TÁ GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN ÚSÁID AS TÁIRGÍ INA BHFUIL TUASLAGÓIR FAOIN RIALÁIL CHUN SLÁINTE AN DUINE AGUS AN COMHSHAOL A CHOSAINT



Má tá tú ag déanamh gníomhaíochta Glantacháin Thirim ag úsáid tuaslagóirí, ní mór duit cloí leis an dlí. Is féidir eolas faoi do chuid oibleagáidí a fháil trí logáil isteach ar na suíomhanna gréasáin atá liostaithe thíos nó trí theagmháil a dhéanamh le rannóg an chomhshaoil i d'údaráis áitiúil. D'fhéadfadh eisiúint fhógra íocaíochta seasta a bheith mar thoradh neamhchomhlíonadh leis na Rialacháin, is é sin fíneáil láithreach de €1000, nó má chiontaítear tú sa chúirt, d'fhéadfá a bheith faoi dhliteanas ar chiontú achoimre do fhíneálacha suas le €5000.

## NA CÉIMEANNA AR AGHAIDH CHUN COMHLÍONADH:

- **Déan teagmháil le rannóg an chomhshaoil i d'údaráis áitiúil chun a chur in iúl dóibh go bhfuil sé i gceist agat leanúint ar aghaidh le Glantóireacht Thirim ag úsáid tuaslagóirí**
- **Déan teagmháil le Measúnóir Ceadaithe chun cigireacht a shocrú agus treoir a fháil.**
  - **Amtivo (Ireland) Limited:** Uimhir Ghutháin. - 01-2707980, Ríomhphost - aa@amtivo.com
  - **Synergy Environmental Limited (DNV):** Uimhir Ghutháin - 01-5654730, Ríomhphost - bes.aa@dnv.com
- **Léigh agus bí eolach ar Threoirlínte um Chleachtas is Fearr don Ghlantóireacht Thirim ón EPA (seoladh gréasáin thíos)**

*Leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí a Bhaineann Úsáid as Tuaslagóirí Orgánacha) 2012 – I.R. Uimh. 565/2012, na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann úsáid as tuaslagóirí. Tá Treoirlínte um Chleachtas is Fearr don Ghlantóireacht Thirim foilsithe ag an EPA, agus is féidir iad a fháil ar na suíomhanna gréasáin thíos.

Chun eolas iomlán ar do chuid riachtanas a fháil, logáil isteach ar:
www.solvents.ie nó
https://www.dnv.com/energy/services/biodiversity-andenvironment/audits-and-inspections